# CREATIVE IRELAND
# SOUTH DUBLIN
# ÁTHA CLIATH THEAS
ÉIRE ILDÁNACH

Culture and Creativity Plan 2017

*Plean Cultúir agus Cruthaitheachta 2017*

**creative.ireland.ie**

Clár Éire Ildánach

*Creative Ireland Programme*

2017–2022

# Creative Ireland South Dublin
# *Átha Cliath Theas Éire Ildánach*

## Contents
ÁBHAR


| | | |
|---|---|---|
| Foreword | 4 | Réamhrá |
| Creative Ireland Programme | 6 | Clár Éire Ildánach |
| The Creative Ireland Team in South Dublin County | 9 | Foireann Éire Chruthaitheach i gContae Bhaile Átha Cliath Theas |
| Implementation | 11 | Cur i bhfeidhm |
| Projects for 2017 | 12 | Tionscadail le haghaidh 2017 |
| Promotional Events 2017 | 14 | Imeachtaí Poiblíochta 2017 |


Comhairle Contae Átha Cliath Theas
South Dublin County Council

FIRST EDITION | AN CHÉAD EAGRÁN

# Foreword
## RÉAMHRÁ

South Dublin County Council welcomes the Creative Ireland Programme and the opportunity to share rich and inspirational ideas that support greater investment in our children, our communities, our creative industries and our cultural infrastructure.

Through its policies and the commitment of public resources, South Dublin County Council contributes to the development of the cultural vitality of the county. It invests significantly in culture in the context of wellbeing, the quality of life of our citizens and as a visitor destination.

The Creative Ireland Programme offers a very real opportunity to reinforce the proud tradition we have in fostering and promoting creativity within the arts. We are very hopeful that this collaborative process will surface new ideas that will further enhance and inform investment in the Arts, Heritage and Creative Industries in the years ahead.

Investment is only part of the equation. The other parts of the cultural equation are the artists and creatives, the participants and the audiences who bring culture to life. Culture plays an essential role in the lives of our communities.

Cuireann Comhairle Contae Bhaile Átha Cliath Theas fáilte roimh Chlár Éire Chruthaitheach agus roimh an deis chun smaointe saibhre agus spreagthacha a chomhroinnt a thacaíonn le hinfheistíocht níos fearr inár bpáistí, ár bpobail, ár dtionscail chruthaitheacha agus ár mbonneagar cultúrtha.

Trína beartais agus trí thiomantas acmhainní poiblí, cuireann Comhairle Contae Bhaile Átha Cliath Theas le forbairt bheogacht chultúrtha na tíre. Déanann sí infheistíocht shuntasach i gcomhthéacs na folláine, cháilíochta beatha ár saoránach agus mar cheann scríbe cuairteoirí.

I gClár Éire Chruthaitheach tairgtear deis an-fhíor chun neartú a dhéanamh ar an traidisiún bróid atá againn maidir leis an gcruthaitheacht a chothú agus a chur chun cinn. Tá muinín againn go dtiocfaidh smaointe úra as an bpróiseas comhoibríoch seo lena gcuirfear tuilleadh feabhais ar infheistíocht sna Tionscail Ealaíon, Oidhreachta agus Cruthaitheachta agus lena gcuirfear bonn eolais fúthu sna blianta amach romhainn.

Níl ann san infheistíocht ach an chéad chuid den scéal. Is iad na codanna eile den scéal cultúrtha na healaíontóirí agus lucht na n-ealaíon, na rannpháirtithe agus an lucht féachana agus éisteachta a chuireann beocht sa chultúr. Tá ról bunúsach ag an gcultúr i saolta ár bpobail.

The Creative Ireland Programme is built around the themes of identity, culture and citizenship. The core operating principles are Collaboration and Communication, Community Empowerment, and Internationalisation.

In this plan, South Dublin County Council gives expression to the rich traditional cultural identities native to these shores, and sets out to further blend these with the new and emerging expressions of Culture of the one hundred and twenty different nationalities that are now part of our community.

Its legacy will be a more connected cultural place with greater dialogue between policy makers, programmers and creatives; a diversifying of cultural voices, a nurturing of talent and a significant increase in participation in quality cultural programmes.

**Councillor Guss O'Connell**
Mayor

**Daniel McLoughlin**
Chief Executive

Tá Clár Éire Chruthaitheach forbartha thart ar na téamaí um fhéiniúlacht, cultúr agus saoránacht. Is iad na príomhphrionsabail oibriúcháin Comhoibriú agus Cumarsáid, Cumhachtú an Phobail, agus Idirnáisiúnú.

Sa phlean seo, tugann Comhairle Contae Bhaile Átha Cliath Theas léiriú do na féiniúlachtaí cultúrtha traidisiúnta saibhre atá dúchasach sa tír seo, agus féachann sí leo sin a chumasc tuilleadh le léirithe Cultúir atá ag teacht chun cinn de na céad is fiche náisiúntacht éagsúil atá ina gcuid dár bpobal anois.

Beidh a oidhreacht níos nasctha le háit chultúrtha ina bhfuil plé níos fearr idir lucht déanta beartas, cláraitheoirí agus lucht na n-ealaíon; éagsúlacht de ghuthanna cultúrtha, cothú tallainne agus méadú suntasach ar an rannpháirtíocht i gcláir chultúrtha ardchaighdeáin.

**An Comhairleoir Guss O'Connell**
Méara

**Daniel McLoughlin**
Príomhfheidhmeannach

# Creative Ireland Programme
## CLÁR ÉIRE ILDÁNACH

The Creative Ireland Programme is the Government's Legacy Programme for Ireland 2016 – a five-year initiative, from 2017 to 2022, which places creativity at the centre of public policy. It is a high-level, high-ambition, all-of-government initiative to mainstream creativity in the life of the nation so that individually and collectively, in our personal lives and in our institutions, we can realise our full creative potential.

The Creative Ireland Programme is a culture-based programme designed to promote individual, community and national wellbeing. The core proposition is that participation in cultural activity drives personal and collective creativity, with significant implications for individual and societal wellbeing and achievement.

The Creative Ireland Programme is also the main implementation vehicle for the priorities identified in the Government's policy document, Culture 2025 -Éire Ildánach which states that arts and culture are intrinsic to the Irish State, acknowledges the need to increase access to, and participation in the arts, boost our creative industries, and preserve our heritage with a particular focus on language, landscape and the environment..

The programme is built around the themes of identity, culture and citizenship. The core operating principles are Collaboration and Communication, Community Empowerment, and Internationalisation.

Clár Oidhreachta de chuid an Rialtais is ea Clár Éire Chruthaitheach d'Éirinn 2016 – tionscnamh cúig bliana, ó 2017 go 2022, ina gcuirtear an chruthaitheacht ag lár an bheartais phoiblí. Tionscnamh ardleibhéil, ard-uaillmhianach, an rialtais uile is ea é chun cruthaitheacht a phríomhshruthú i saol ár náisiúin ionas go mbeimid ábalta, inár n-aonar agus le chéile, inár saolta pearsanta agus inár n-institiúidí, ár n-acmhainneacht chruthaitheach iomlán a bhaint amach.

Clár bunaithe ar Chultúr is ea Clár Éire Chruthaitheach atá deartha chun folláine daoine aonair, folláine an phobail agus an fholláine náisiúnta a chur chun cinn. Is é an príomh-mholadh go spreagann rannpháirtíocht i ngníomhaíocht chultúrtha cruthaitheacht phearsanta agus chomhchoiteann d'fholláine agus d'éacht daoine aonair agus na sochaí.

Is é Clár Éire Chruthaitheach an phríomhfheithicil cur chun feidhme chomh maith maidir leis na tosaíochtaí arna n-aithint i ndoiciméad beartais an Rialtais, Cultúr 2025 - –Éire Ildánach ina sonraítear go bhfuil na healaíona agus an cultúr bunúsach do stát na hÉireann, ina n-admhaítear an gá le méadú a dhéanamh ar rochtain ar na healaíona agus a bheith páirteach iontu, borradh a chur faoinár dtionscail chruthaitheacha, agus ár n-oidhreacht a chaomhnú agus fócas faoi leith a chur ar an teanga, tírdhreach agus comhshaol.

Tá an clár forbartha thart ar na téamaí um fhéiniúlacht, cultúr agus saoránacht. Is iad na príomhphrionsabail oibriúcháin Comhoibriú agus Cumarsáid, Cumhachtú an Phobail, agus Idirnáisiúnú.

Local authorities have a crucial role in the overall local delivery of the entire Creative Ireland programme and are exclusively mandated, through their culture teams, to deliver Pillar 2 of the programme – Enabling Creativity in Every Community. This devolution of responsibility for Creative Ireland to local authorities is inspired by the extraordinary impact of collaborative local authority co-ordinated projects for the centenary of 1916. This Plan sets out the beginning of South Dublin's part in this five-year journey, a truly important national policy initiative centred on culture and wellbeing.'

The ambition for this Plan is to support and strengthen the cultural sector, artistic practices and creative industries in the County making the sector more sustainable. Here in South Dublin County, we are unfolding our cultural heritage through the development of the Round Tower Interpretative Centre in Clondalkin, the Hellfire project in the Dublin Mountains, and the associated programmes that will be generated from this. The County's heritage, and the investments in our cultural and tourism infrastructure, are key steps towards realising South Dublin County Council's ambition to become a significant destination for

Tá ról ríthábhachtach ag na húdaráis áitiúla maidir le seachadadh áitiúil foriomlán chlár Éire Chruthaitheach ina iomláine agus tá sainordú eisiach acu, trína bhfoirne cultúir, Colún 2 den chlár a sheachadadh – An Chruthaitheacht a Chumasú i nGach Pobal. Tá dílárú na freagrachta as Éire Chruthaitheach chuig na húdaráis áitiúla spreagtha ag tionchar neamhghnách chomhthionscadail chomhordaithe na n-údarás áitiúil do chomóradh céad bliain 1916. Sa phlean seo leagtar amach tús pháirt Chontae Bhaile Átha Cliath Theas san aistear cúig bliana seo, tionscnamh náisiúnta beartas fíorthábhachtach atá dírithe ar an gcultúr agus ar an bhfolláine."

Is é an uaillmhian leis an bPlean seo tacú leis an earnáil chultúrtha, cleachtais ealaíonta agus tionscail chruthaitheacha sa Chontae agus iad a neartú chun an earnáil a dhéanamh níos inbhuanaithe. Anseo i mBaile Átha Cliath Theas, tugaimid ár n-oidhreacht chultúrtha chun solais trí fhorbairt Ionad Léirmhínitheach an Chloigthí i gCluain Dolcáin, an tionscadal 'Hellfire' i Sléibhte Bhaile Átha Cliath, agus na cláir ghaolmhara a chruthófar mar thoradh air sin. Tá oidhreacht an Chontae, agus na hinfheistíochtaí inár mbonneagar cultúrtha agus turasóireachta, ina bpríomhchéimeanna i dtreo uaillmhian Chomhairle Contae Bhaile Átha Cliath Theas a bhaint amach maidir le bheith ina cheann scríbe suntasach do theaghlaigh a bhfuil cónaí orthu sa chontae seo agus do chuairteoirí.

families living in this county and for visitors. A second key ambition for this Plan is the development of Tallaght as a creative hub in the county, building on the existing creative cluster of the Civic Theatre, Rua Red and the County Library, and the artists and organisations who interact with the public in these spaces. Cruinniú na Cásca 2017 provides an opportunity for collaboration between programmers and for wider public engagement.

Investment in creatives is a crucial part of the Plan which has been given consideration in discussions by the Culture Team and the Creative Ireland Workshop held in Tallaght in March 2017. Investment through a number of new awards and initiatives in 2017 is aimed at enhancing skills and fostering ambition.

The 2017 Plan will also make a space in the programme for networking, peer exchange, and public participation in cultural discussion and expression. This interaction will be a leading aspect of South Dublin County's Creative Ireland Programme into the future.

South Dublin County's Cultural Team anticipates that the impact of this Programme on people will be considerable, particularly when placed in conjunction with plans under the other four pillars of the Creative Ireland Programme.

Príomh-uaillmhian eile don Phlean seo is ea forbairt Thamhlachta mar mhol cruthaitheach sa chontae, ag baint leas as braisle chruthaitheach reatha na hAmharclainne Pobail, Rua Red agus an Leabharlann Chontae, agus na healaíontóirí agus na heagraíochtaí a idirghníomhaíonn leis an bpobal sna spásanna sin. Soláthraíonn Cruinniú na Cásca 2017 deis le haghaidh comhoibriú idir cláraitheoirí agus le haghaidh rannpháirtíocht phoiblí níos leithne.

Tá infheistíocht i lucht na n-ealaíon ina cuid ríthábhachtach den Phlean ar breathnaíodh air i bplé a rinne an Fhoireann Chultúir agus Ceardlann Éire Chruthaitheach a tionóladh i dTamhlacht i mí an Mhárta 2017. Tá infheistíocht trí líon dámhachtainí úra agus tionscnamh úr in 2017 dírithe ar scileanna a fheabhsú agus uaillmhian a chothú.

Cuirfidh Plean 2017 spás sa chlár chomh maith do líonrú, malartú ag piaraí, agus rannpháirtíocht phoiblí i bplé agus léiriú cultúrtha. Beidh an idirghníomhaíocht sin ina príomhghné de Chlár Éire Chruthaitheach Chontae Bhaile Átha Cliath Theas sa todhchaí.

Tá sé tuartha ag Foireann Chultúir Bhaile Átha Cliath Theas go mbeidh tionchar suntasach ag an gClár seo ar dhaoine, go háirithe nuair a chuirtear i gcomhar le pleananna é faoin gceithre cholún eile de Chlár Éire Chruthaitheach.

# The Creative Ireland Team in South Dublin County
## FOIREANN ÉIRE ILDÁNACH ÁTHA CLIATH THEAS

The Creative Ireland Team in South Dublin (The Culture Team) will work collaboratively to ensure that an ambitious Culture and Creativity Plan is generated, based on the principles of best practice, reflection and enquiry, open exchange, cultural diversity, and sustainability. The Culture Team will be coordinated by Orla Scannell, one of 31 national coordinators who work as a national team to deliver the Creative Ireland Programme. The team will monitor the progress of the Culture and Creativity Plan and will report its progress to Council, the public and key stakeholders. The full members of the Culture Team are:

Oibreoidh Foireann Éire Chruthaitheach i mBaile Átha Cliath Theas (An Fhoireann Chultúir) go comhoibríoch lena chinntiú go gcruthófar Plean uaillmhianach Cultúir agus Cruthaitheachta, bunaithe ar na prionsabail um dhea-chleachtas, machnamh agus fiosrú, malartú oscailte, éagsúlacht chultúrtha, agus inbhuanaitheacht. Déanfaidh Orla Scannell comhordú ar an bhFoireann Chultúir, arb í duine amháin de 31 comhordaitheoir a oibríonn mar fhoireann náisiúnta chun Clár Éire Chruthaitheach a sheachadadh. Déanfaidh an fhoireann monatóireacht ar dul chun cinn an Phlean Cultúir agus Cruthaitheachta agus tuairisceoidh siad a dhul chun cinn don Chomhairle, don phobal agus do na príomhpháirtithe leasmhara. Is iad seo a leanas comhaltaí iomlána na Foirne Cultúir:

---

### Frank Nevin

**Director of Services, Economic, Enterprise and Tourism Development, South Dublin County Council**

Frank has been a Director of Service with South Dublin County Council since 2007. His directorate incorporates the Library Service, Arts Office, (including the Council owned Civic Theatre and Rua Red South Dublin Arts Centre), and existing and emerging tourism projects and events.

**Stiúrthóir Seirbhísí, Forbairt Eacnamaíoch, Fiontraíochta agus Turasóireachta, Comhairle Contae Bhaile Átha Cliath Theas**

Tá Frank ina Stiúrthóir Seirbhísí le Comhairle Contae Bhaile Átha Cliath Theas ó 2007 i leith. Cuimsítear ina stiúrthóireacht an tSeirbhís Leabharlainne, Oifig na nEalaíon (lena n-áirítear an Amharclann Phobail agus Ionad Ealaíon Red Rua Bhaile Átha Cliath Theas ar leis an gComhairle iad), agus tionscadail agus imeachtaí turasóireachta atá ann cheana agus atá ag teacht chun cinn.

---

### Bernadette Fennell

**County Librarian, South Dublin County Council**

Bernadette joined South Dublin County Council as County Librarian in 2016 and oversees one of the most vibrant library services in the country. It is a leading service in Local Studies resources, hosting over 2,500 Cultural and Educational events, including major festivals such as the Red Line Book Festival and a growing Children's Services programme. Bernadette was the Co-ordinator for the 1916 Commemorations programme in County Louth

**Leabharlannaí Contae, Comhairle Contae Bhaile Átha Cliath Theas**

Thosaigh Bernadette ag obair i gComhairle Contae Bhaile Átha Cliath Theas mar Leabharlannaí Contae in 2016 agus déanann sí maoirseacht ar cheann de na seirbhísí leabharlainne is beoga sa tír. Príomhsheirbhís is ea é in acmhainní Staidéar Áitiúil, ag óstáil agus cionn 2,500 imeacht Cultúrtha agus Oideachais, lena n-áirítear féilte móra amhail Féile Leabhar na Líne Deirge agus clár Seirbhísí Páistí atá ag méadú. Bhí Bernadette ina Comhordaitheoir don clár Comórtha Céad Bliain 1916 i gContae Lú.

---

### Maoliosa Boyle

**Executive Director of Rua Red**

Maoliosa Boyle is the Executive Director of Rua Red. Prior to this she was the Director of Void Contemporary Art Gallery in Derry. During her tenure at Void, the

**Stiúrthóir Feidhmiúcháin Rua Red**

Is í Maoliosa Boyle Stiúrthóir Feidhmiúcháin Rua Red Roimhe seo bhí sí ina Stiúrthóir ar an nGailearaí Ealaíne Comhaimseartha Void i nDoire. Le linn a tréimhse oifige ag Void d'fhás an gailearaí ina cheann de na príomhspásanna ealaíne in Éirinn agus mar

gallery became one of the leading art spaces in Ireland. In 2013, Maoliosa was the Senior Curator for the Turner Prize curating both Lynette Yiadom Boakye and David Shrigley and was also on the selection panel for the British Pavilion at the Venice Biennale selecting Jeremy Deller.

cheann de na 10 ngailearaí is fearr sa Ríocht Aontaithe. In 2013, ba í Maoliosa an Coimeádaí Sinsearach do Dhuais Turner agus Lynette Yiadom Boakye agus David Shrigley faoina gcoimeád agus bhí sí ar an bpainéal roghnúcháin le haghaidh British Pavilion agus ag Biennale na Veinéise ag roghnú Jeremy Deller.

## Michael Barker Caven

**Artistic Director, Civic Theatre**

Michael is responsible for the programming and management of the Civic Theatre, the region's premier theatre, dance and music venue, and works closely with local, national and international arts bodies to provide a wide programme of events all year round. Michael has over 70 national and international production credits to his name as a director of theatre and opera and has worked with many of the country's leading producers including the Gate, Abbey, Landmark and Wexford Festival Opera.

**Stiúrthóir Ealaíonta, an Amharclann Phobail**

Tá Michael freagrach as clárú agus bainistíocht na hAmharclainne Pobail, príomhionad amharclannaíochta, damhsa agus ceoil an réigiún, agus oibríonn sé go dlúth le comhlachtaí áitiúla, náisiúnta agus idirnáisiúnta ealaíon chun clár leathan imeachtaí a chur ar fáil ó cheann ceann na bliana. Tá os cionn 70 creidmheas um léiriú náisiúnta agus idirnáisiúnta ag Michael lena ainm mar stiúrthóir amharclannaíochta agus ceoldrámaíochta agus d'oibrigh sé le príomhléiritheoirí na tíre lena n-áirítear Amharclann Gate, Amharclann na Mainistreach, Landmark agus Ceoldramaíocht Fhéile Chun tosaigh Loch Garman.

## Tony Fegan

**Director, Tallaght Community Arts**

Tony is Director of Tallaght Community Arts a participatory arts organisation that creates opportunities for artists and the people of South Dublin County to explore together the transformative and celebratory power of the arts for the wellbeing of all. He has extensive experience of creating innovative participatory projects with diverse communities across London and for the last ten years across South Dublin with leading regional, national and international artists.

**Stiúrthóir, Ealaíona Pobail Thamhlachta**

Tá Tony ina Stiúrthóir ar Ealaíona Pobail Thamhlachta, eagraíocht rannpháirtíoch ealaíon ina gcruthaítear deiseanna d'ealaíontóirí agus do mhuintir Chontae Bhaile Átha Cliath Theas chun iniúchadh a dhéanamh le chéile ar chumhacht bhunathraitheach agus chomórtha na n-ealaíon le haghaidh folláine gach uile dhuine. Tá taithí fhairsing aige ar thionscadail rannpháirtíocha nuálacha a chruthú le pobail éagsúla ar fud Londan agus le deich mbliana anuas ar fud Bhaile Átha Cliath Theas le príomhealaíontóirí réigiúnacha, náisiúnta agus idirnáisiúnta.

## Orla Scannell

**Arts Office, South Dublin County**

In her capacity as Arts Officer, Orla leads a service that supports the development of creative people and communities through the Arts. Provision and support of quality arts experiences are central to the service. This is realised through research, programmes, events, grants and awards and the development of on-line and off-line resources.

**Oifigeach Ealaíon, Baile Átha Cliath Theas**

Ina cáil mar Oifigeach Ealaíon, stiúrann Orla seirbhís a thugann tacaíocht d'fhorbairt daoine agus pobail chruthaitheacha trí na hEalaíona. Tá soláthar agus tacaíocht eispéireas ealaíon ardchaighdeán lárnach don tseirbhís. Baintear é sin amach trí thaighde, cláir, imeachtaí, deontais agus dámhachtainí agus trí fhorbairt acmhainní ar líne agus as líne.

# Implementation

## CUR I BHFEIDHM

The aim of the Plan is to have a continuing dynamic process where the public assist in creating a resource for the entire community, a framework for creative engagement and collaboration and an accessible gateway to cultural creativity for everyone.

Community partnership is a key aspect of this programme, and as such the Culture Team intends to interact and communicate with our key audiences. This may include the following:

A specific mailing list for update

- Updates on social media (via specific interest social media)
- Web page on the Council website with links from each Department and links to Creative Ireland programme website (still in development).
- Annual meeting to present projects and seek feedback
- SPC presentations
- Public Participation Network updates via special interest groups
- Chief Executive's Reports for County Council Meetings
- Features in local newspapers
- County heritage forum quarterly meetings

Is é is aidhm leis an bPlean go mbeidh ann do phróiseas dinimiciúil leanúnach i gcás go gcuidíonn an pobal le hacmhainn a chruthú don phobal iomlán, creat do rannpháirtíocht agus comhoibriú cruthaitheach agus tairseach inrochtana chuig an gcruthaitheacht chultúrtha do gach uile dhuine.

Tá comhpháirtíocht an phobail ina príomhghné den chlár seo, agus mar sin tá sé beartaithe ag ár bhFoireann Chultúir idirghníomhaíocht agus cumarsáid a dhéanamh lenár bpríomhlucht éisteachta agus féachana. D'fhéadfadh an méid seo a leanas a bheith i gceist leis sin:

Liosta poist faoi leith le tabhairt cothrom le dáta

- Nuashonruithe ar na meáin shóisialta (trí mheáin shóisialta de shuim faoi leith)
- Leathanach gréasáin ar shuíomh gréasáin na Comhairle le naisc ó gach Roinn agus naisc chuig suíomh gréasáin chlár Éire Chruthaitheach (á fhorbairt fós).
- Cruinniú bliantúil chun tionscadail a chur i láthair agus aiseolas a lorg
- Cuir i láthair CBS
- Nuashonrú an Líonra um Rannpháirtíocht an Phobail trí ghrúpaí sainleasa
- Tuarascálacha an Phríomhfheidhmeannaigh do Chruinnithe Comhairle Contae
- Gné-ailt i nuachtáin áitiúla
- Cruinnithe ráithiúla fóraim oidhreachta contae

# Projects for 2017

## TIONSCADAIL LE HAGHAIDH 2017

### CREATIVE IRELAND PROGRAMME FUNDED PROJECTS FOR 2017

The following initiatives will be delivered in South Dublin County in 2017 using the Creative Ireland funds allocated to South Dublin County Council. These initiatives have been agreed by the Culture Team for 2017.

**Crinniú na Cásca (Easter Monday)**
South Dublin County in 2017 focused on Tallaght as a Creative Hub with a full programme of events hosted throughout the day. The programme marked a first collaboration in curating a programme by five of the County's Cultural organisations: Tallaght Community Arts, Rua Red South Dublin Arts Centre, the Civic Theatre, South Dublin Libraries and South Dublin Arts Office.

**Artist & Creatives Collaborative Practice Award**
This 2017 initiative seeks to support an artist or creative in any discipline in their collaborative practice. The successful proposal will have both a professional development element and a community element to it. It will engage with one or all three of the cultural venues in Tallaght and will have access to mentoring opportunities by these venues. The amount of the award is €15,000.

### TIONSCADAIL CHISTITHE FAOI CHLÁR ÉIRE ILDÁNACH DON BHLIAIN 2017

Déanfar na tionscnaimh seo a leanas a sheachadadh i mBaile Átha Cliath Theas in 2017 ag baint leas as cistí Éire Chruthaitheach atá leithdháilte ar Chomhairle Contae Bhaile Átha Cliath Theas. Comhaontaíodh na tionscnaimh sin leis an bhFoireann Chultúir do 2017.

**Cruinniú na Cásca (Luan Cásca)**
Dhírigh Contae Bhaile Átha Cliath Theas ar Thamhlacht mar Mhol Cruthaitheach agus clár iomlán imeachtaí á thionól i rith an lae. Shonraigh an clár an chéad chomhoibriú maidir le clár a choimeád ag cúig cinn d'eagraíochtaí Cultúrtha an Chontae: Ealaíona Pobail Thamhlachta, Ionad Ealaíon Red Rua Bhaile Átha Cliath Theas, an Amharclann Phobail, Leabharlanna Bhaile Átha Cliath Theas agus Oifig Ealaíon Bhaile Átha Cliath Theas.

**Dámhachtain um Chleachtas Comhoibríoch Ealaíontóirí agus Lucht na nEalaíon**
Sa tionscnamh 2017 seo féachtar le tacaíocht a thabhairt d'ealaíontóir nó do dhuine de lucht na n-ealaíon ina gcleachtas comhoibríoch. Beidh gné forbartha gairmiúla agus gné phobail leis an togra a n-éireoidh leis. Beidh sé bainteach le ceann amháin nó na trí ionad cultúrtha ar fad i dTamhlachta agus beidh rochtain aige ar dheiseanna meantóireachta ag na hionaid sin. Is é €15,000 suim na dámhachtana.

**Emerging Arts Group Incubation Award**
The Culture team wishes to support collectives/groups of emerging young artists and creatives in any discipline, to develop their practice and to promote their presence as a creative and recognisable voice in the County. The amount of the award is €5000.

**Dámhachtain um Ghorlann Grúpa Ealaíon atá ag Teacht chun Cinn**
Ba mhaith leis na bhfoireann Chultúir tacaíocht a thabhairt do chomharghnónna/grúpaí d'ealaíontóirí óga atá ag teacht chun cinn agus do lucht na n-ealaíon i ndisciplín ar bith, lena gcleachtas a fhorbairt agus a láithreacht mar ghuth cruthaitheach agus so-aitheanta sa Chontae a chur chun cinn. Is é €5000 suim na dámhachtana.

**Schools Cultural Awards**
Both primary schools and second level schools in the county will be invited to submit proposals for programmes and projects in the disciplines of Drama, Dance and Visual Arts that will enrich arts practice in schools in the county. The maximum amount of an award will be €2000. Five awards will be made in 2017.

**Dámhachtainí Cultúrtha Scoileanna**
Tabharfar cuireadh do bhunscoileanna agus do mheánscoileanna sa chontae tograí a chur isteach i leith clár agus tionscadal sna disciplíní Drámaíochta, Damhsa agus Amharcealaíona lena saibhreofar an cleachtas ealaíon i scoileanna sa chontae. Is é €2000 suim uasta na dámhachtana. Déanfar cúig dhámhachtain in 2017.

# Promotional Events 2017

## IMEACHTAÍ POIBLÍOCHTA 2017

EVENTS THAT WILL HELP TO PROMOTE THE CREATIVE IRELAND PROGRAMME IN SOUTH DUBLIN COUNTY IN 2017

**The Round Tower Interpretative Centre**

This new interpretative centre in Clondalkin will be opened from July 2017. A programme of heritage, arts and literature events will be devised for the new centre. The project has been developed as part of South Dublin County Tourism Strategy with historical information provided by South Dublin County Libraries.

**Palmerstown Digital Hub**

2017 will see the opening of a Digital Hub offering a living and meeting space for the local community in Palmerstown. The Hub will feature innovative technology providing easy access to self-service and online library services. A programme of children's activities and events will be planned as part of the array of services available.

**Digitisation Programme**

Digitisation of the Corkagh papers which relate to the Finlay and Colley families of Corkagh Demesne in Clondalkin which have been made available to South Dublin Libraries. A community-collaboration project is the transcription of the church records held by the National Library of Ireland for the South Dublin area; Saggart, Rathfarnham, Clondalkin, Palmerstown and Lucan parishes are available.

IMEACHTAÍ A CHUIDEOIDH LEAT CLÁR ÉIRE CHRUTHAITHEACH A CHUR CHUN CINN I GCONTAE BHAILE ÁTHA CLIATH THEAS IN 2017

**Ionad Léirmhínitheach an Chloigthí**

Beidh an t-ionad úr léirmhínítheach seo i gCluain Dolcáin oscailte ó mhí Iúil 2017 i leith. Cumfar clár d'imeachtaí oidhreachta, ealaíon agus litríochta don ionad úr. Forbraíodh an tionscadal mar chuid de Straitéis Turasóireachta Chontae Bhaile Átha Cliath Theas agus tá an fhaisnéis stairiúil curtha ar fáil ag Leabharlanna Chontae Bhaile Átha Cliath Theas.

**Mol Digiteach Bhaile Phámar**

Osclófar Mol Digiteach in 2017 ina dtairgfear spás cónaithe agus cruinnithe don phobal áitiúil i mBaile Phámar. Beidh teicneolaíocht nuálach sa mhol a chuirfidh rochtain éasca ar fhéinseirbhís agus seirbhísí leabharlainne ar líne ar fáil. Pleanálfar clár gníomhaíochtaí agus imeachta do pháistí mar chuid de raon seirbhísí a bheidh ar fáil.

**Clár um Digitiú**

Digitiú pháipéir Chorcaí a bhaineann le clann Finlay agus Clann Colly ó Dhiméin Chorcaí i gCluain Dolcáin a cuireadh ar fáil do Leabharlanna Bhaile Átha Cliath Theas. Tá tionscadal i gcomhar leis an bpobal maidir le tras-scríbhinn de thaifid an tséipéil is arna sealbhú ag Leabharlann Náisiúnta na hÉireann do limistéar Bhaile Átha Cliath Theas; Tá paróistí Theach Sagard, Ráth Fearnáin, Chluain Dolcáin, Bhaile Phámar agus Leamhcháin ar fáil.

**Techspace**

The Techspace programme is a digital programme in Tallaght Library that concentrates on developing STEAM skills. It aims to inspire creative use of digital technology, to inspire invention and to develop thinking skills. There are currently 2 after-school clubs engaging in STEAM activities on a weekly basis. Techspace Tallaght concentrates on children of primary school age.

**Fiosracht**

Fiosracht (Curiosity), which has emerged from the Techspace programme is an innovative partnership between IT Tallaght, South Dublin County Library and Foroige. It aims to create a space for curious people of all ages to meet with engineers and designers to collaborate, create and share their different views and attitudes about the big issues that currently exist in the world. The programme is multi locational and managed with the intention of inspiring a conversation within the wider community on the role of engineers in society. It will have a special focus on engaging girls and their families in a discussion about what it will take to make choosing a career in engineering become commonplace for young women. Fiosracht is run during the calendar year in a series of half day, full day workshops and weeklong camps.

**Techspace**

Clár digiteach is ea an clár 'Techspace' i Leabharlann Thamhlachta a dhíríonn ar scileanna STEAM a fhorbairt. Is é is aidhm leis úsáid chruthaitheach na teicneolaíochta digití a spreagadh, fionnachtain a spreagadh agus scileanna smaointeoireachta a fhorbairt. Tá 2 chlub iarscoile páirteach i ngníomhaíochtaí STEAM faoi láthair ar bhonn seachtainiúil. Díríonn 'Techspace' Thamhlachta ar pháistí d'aois na bunscoile.

**Fiosracht**

Comhpháirtíocht nuálach is ea Fiosracht (Curiosity), a tháinig chun cinn as clár 'Techspace' idir Institiúid Teicneolaíochta Thamhlachta, Leabharlann Chontae Bhaile Átha Cliath Theas agus Foróige. Is é is aidhm leis spás a chruthú do dhaoine fiosracha de gach aois chun buaileadh le hinnealtóirí agus dearthóirí chun comhoibriú, cruthú agus a ndearchtaí agus a dtuairimí éagsúla faoi na ceisteanna móra atá sa domhan faoi láthair a chomhroinnt. Tá an clár ar siúl ina lán suíomhanna agus déantar bainistíocht air chun comhrá a spreagadh laistigh den phobal i gcoitinne maidir le ról innealtóirí sa tsochaí. Beidh fócas speisialta ann ar pháirt a thabhairt do chailíní agus dá dteaghlaigh i bplé faoi cad le déanamh chun gairm in innealtóireacht mar rogha do chailíní óga a dhéanamh coitianta.Tá Fiosracht ar siúl i rith na bliana féilire i sraith ceardlann lae, leathlae agus campaí seachtaine.

### The Culture Pod

Contact Studio will record a number of cultural events and special projects in the county to create a series of podcasts for broadcast online and for archive purposes. These will include panel discussions, headline performances, Artist profiles, Artists exchange, and documentary series.

### Creative Industries Initiative

Local Enterprise Office (LEO) South Dublin will provide Creative Industries development workshops in 2017 and explore the development of a network to support the Creative Industries in the County.

### In Context 4: In Our Time Public Art Programme

South Dublin County Council's Public Art Programme under Per Cent for Art Scheme aims to act as a gathering point for dialogue and a space for change. In 2017 South Dublin County Council will activate four new commissions.

- Writer Nathan O'Donnell's The Mill, will engage with a group of young people in Clondalkin to produce a magazine, derived from a history of radical publishing.
- Visual artist Fiona Dowling and composer George Higgs will collaborate with workers from a cross-section of workplaces, both industrial and rural, to create Work Songs, a musical portrait of South County Dublin's economic profile.

### An Pod Cultúir

Taifeadfaidh Contact Studio líon imeachtaí cultúrtha agus tionscadal speisialta sa chontae chun sraith podchraolta lena gcraoladh ar líne agus chun críche cartlainne a chruthú. Áireofar orthu sin plé painéil, léiriúcháin cheannlíne, próifílí Ealaíontóirí, malartú Ealaíontóirí, agus sraith clár faisnéise.

### Tionscnamh na dTionscal Cruthaitheach

Soláthróidh Oifig Fiontar Áitiúil (OFÁ) Bhaile Átha Cliath Theas ceardlanna forbartha na dTionscal Cruthaitheach in 2017 agus déanfaidh siad iniúchadh ar líonra a fhorbairt chun tacú leis na Tionscail Chruthaitheacha sa Chontae.

### I gComhthéacs 4 Clár Ealaíne Poiblí 'In Our Time'

Tá sé mar aidhm ag Clár Ealaíne Poiblí Chomhairle Contae Bhaile Átha Cliath Theas faoin Scéim an Chéatadáin le haghaidh na nEalaíon feidhmiú mar phointe bailithe do phlé agus mar spás d'athrú. In 2017 gníomhachtóidh Comhairle Contae Bhaile Átha Cliath Theas ceithre choimisiún úra.

- Beidh The Mill leis an scríbhneoir Nathan O'Donell, páirteach le grúpa daoine óga i gCluain Dolcáin chun iris a chur ar fáil, a bhainfear as stair ar fhoilsiú radacach.
- Comhoibreoidh an t-amharcealaíontóir Fiona Dowling agus an cumadóir George Higgs le hoibrithe ó shampla áiteanna oibre, idir thionsclaíoch agus thuaithe, chun Work Songs, portráid cheoil de phróifíl eacnamaíoch Chontae Bhaile Átha Cliath theas a chruthú.

- Clamour & Roar – A Citizens' Chorus is a mixed discipline, multi-generational, cross-community participatory art project which will culminate in an original theatre performance devised by theatre artist Veronica Coburn.
- Inspired by Oisín I dTír na n-Óg, who carried a boulder up the mountains near Tallaght, Ciarán Taylor's Rock to the Top invites the people of South Dublin to take up the challenge of recreating this mythic feat.

- Tionscadal ealaíne rannphháirtíoch disciplín mheasctha, ilghlúine, trasphobail is ea Clamour & Roar – A Citizens' Chorus a chríochnóidh le léiriú bunaidh téatair a chum an t-ealaíontóir téatair Veronica Coburn.
- Agus é spreagtha ag Oisín i dTír na nÓg, a d'iompair bollán suas na sléibhte gar do Thamhlacht, tugann Rock to the Top le Ciarán Taylor cuireadh do mhuintir Bhaile Átha Cliath Theas iarracht a dhéanamh an gaisce miotasach seo a athchruthú.

**NOISE Dublin**

Noise Dublin creates activities and programmes for young people to take part, learn, train and work in the arts. NOISE Dublin is the Youth Arts programme offered by South Dublin County Council's Arts Office for ages 13 - 25. It is an on-line and off-line programme. It includes NOISE Flicks Film Festival; NOISE Moves Youth Dance Festival; Tallaght Young Filmmakers; and works in partnership to deliver Suburban Sounds, Creative Campus; Animakers and the Big Picture TV.

**NOISE Dublin**

Cruthaíonn 'Noise Dublin' gníomhaíochtaí agus cláir do dhaoine óga chun páirt a ghlacadh sna healaíona, foghlaim fúthu, oiliúint a fháil orthu agus oibriú iontu. Is é 'NOISE Dublin' clár Ealaíona na hÓige atá á thairiscint ag Oifig Ealaíon Bhaile Átha Cliath Theas d'aoiseanna 13 -25. Clár ar líne agus as líne atá ann. Áirítear air NOISE Flicks Film Festival; NOISE Moves Youth Dance Festival; Tallaght Young Filmmakers; agus oibreacha i gcomhpháirtíocht chun Suburban Sounds, Creative Campus; Animakers agus Big Picture TV a sheachadadh.

**Music Generation South Dublin**

Music Generation South Dublin is a music education service for children and young people that provides a range of opportunities throughout the county for children and young people to learn music. It is part of Music Generation – Ireland's National Music Education Programme, initiated by Music Network, co-funded by U2, The Ireland Funds, the Department of Education and Skills and Local Music Education Partnerships. In 2017 an early years programme will be initiated for children under 7 years and a second level schools initiative extended.

**Music Generation, Baile Átha Cliath Theas**

Seirbhís oideachais is ea Music Generation, Baile Átha Cliath do pháistí agus do dhaoine óga a sholáthraíonn raon deiseanna ar fud an chontae do pháistí agus do dhaoine óga chun ceol a fhoghlaim. Tá sé ina chuid de Music Generation - Clár Náisiúnta Oideachais Ceoil na hÉireann, arna thionscain ag Music Network, agus cómhaoinithe ag U2, Cistí na hÉireann agus an Roinn Oideachais agus Scileanna agus Comhpháirtíochtaí Áitiúla um Oideachas Ceoil. In 2017 cuirfear tús le clár luathbhlianta do pháistí faoi bhun 7 mbliana d'aois agus sínfear tionscnamh scoileanna dara leibhéal.

**Ruaille Buaille Lucan Childrens Music Festival**

Ruaille Buaille is a children's music festival 7-10 June, 2017 featuring a programme of music workshops, performances and outdoor events. 2017 will see the launch an Early Years Festival Tent @ Griffeen Park to compliment the main tent. As well as performances in the tent, there will be plenty happening in the park including face-painting, circus performers and pop-up shows in a great family day out.

**Ruaille Buaille, Féile Cheoil Leamhcáin do Pháistí**

Féile cheoil do pháistí is ea Ruaille Buaille, 7-10 Meitheamh, 2017 ina mbeidh clár ceardlann ceoil, léiriúchán agus imeachtaí faoin aer. Lainseálfar Puball Féile na Luathbhlianta @ Páirc na Grífíní chun an príomhphuball a chomhlánú in 2017. Chomh maith le léiriúcháin sa phuball, beidh go leor ag tarlú sa pháirc lena n-áirítear péinteáil aghaidheanna, léiritheoirí sorcais agus seónna mír aníos i lá iontach don teaghlach ar fad.

**Red Line Book Festival**

The Red Line Book Festival, 11-15 October 2017, is the main cultural festival of South Dublin County Council and its development is part of the action plan of the Council Tourism Strategy. In 2017 the festival will feature some 40 events. Highlights will include live broadcast of RTE's Sunday Miscellany at the Civic Theatre, Tallaght, events for a newly established literary strand - aimed at providing a platform for emerging writers and poets – and an exciting primary schools programme which will expose children to literature, drama, art and music.

**Féile Leabhar na Líne Deirge.**

Is í Féile Leabhar na Líne Deirge, 11-15 Deireadh Fómhair 2017, an phríomhfhéile chultúrtha de chuid Chomhairle Contae Bhaile Átha Cliath Theas agus tá a forbairt mar chuid de phlean gníomhaíochta Straitéis Turasóireachta na Comhairle. Beidh thart ar 40 imeacht ar siúl i bhféile 2017. Áireofar ar na buaicphointí craoladh beo de Sunday Miscellany RTÉ ag an Amharclann Phobail, Tamhlacht, imeachtaí do shraith litríochta nuabhunaithe - a dhíríonn ar ardán a chur ar fáil do scríbhneoirí agus d'fhilí atá ag teacht chun cinn – agus clár iontach do bhunscoileanna ina gcuirfear litríocht, drámaíocht, ealaín agus ceol i láthair páistí.

### Unwrapped Winter Festival

This annual programme is developed by a creative partnership of South Dublin County Council Arts Office and Corporate Services Department; South Dublin County Libraries; Tallaght Community Arts; Alternative Entertainments; CONTACT Studio; Civic Theatre, Tallght; RUA RED, South Dublin Arts Centre.This inclusive event will feature 300 children, young people and adults from South Dublin County's youth, schools and community arts groups. It is an outdoor spectacle with original music, choreography and costume and lantern designs.

### An Fhéile Gheimhridh 'Unwrapped'

Tá an clár bliantúil seo forbartha ag comhpháirtíocht chruthaitheach Oifig Ealaíon Chomhairle Contae Bhaile Átha Cliath Theas agus an Rannóg Seirbhísí Corparáideacha; Leabharlann Chontae Bhaile Átha Cliath Theas; Ealaíona Pobail Thamhlachta; Alternative Entertainments, Stiúideo CONTACT, RED RUA, Ionad Ealaíon Bhaile Átha Cliath Theas. Beidh 300 páiste, duine óg agus aosach ó ghrúpaí óige, scoileanna agus ealaíon pobail ó Chontae Bhaile Átha Cliath Theas páirteach san imeacht cuimsitheach seo. Seó faoin aer atá ann ina mbeidh ceol bunaidh, cóiréagrafaíocht agus dearaí éidí agus laindéir.

### The Tenderfoot Programme

The Civic Theatre will continue to develop its unique and highly regarded Tenderfoot Programme which enables a range of secondary schools to engage directly with the performing arts over a four month period through a mentor led programme of skills development that enables an ensemble of up to 50 transition year students to spend a month in the building writing, producing, designing and acting in a series of self-penned plays that are presented to a peer-to-peer audience in January. Going forward the programme will be branching out to include direct mentor led facilitation of visits to arts and theatre projects, with pre-visit and post-visit analysis to encourage a culture of arts appreciation beyond the demands of the curriculum. This programme will be further supported by the theatre's new 'Inspire' programme whereby adult theatre attendees are encouraged to donate towards the purchase of heavily subsidised or free tickets so as to encourage young people to attend theatre and arts events in the region.

### Clár 'Tenderfoot'

Leanfaidh an Amharclann Phobail lena Clár 'Tenderfoot' atá uathúil agus a bhfuil an-mheas air ina gcuirtear ar chumas raon meánscoileanna páirt dhíreach a ghlacadh sna healaíon taibhithe thar thréimhse ceithre mhí trí chlár faoi stiúir meantóra d'fhorbairt scileanna faoinar féidir le ensemble suas le 50 dalta ón idirbhliain mí a chaitheamh san fhoirgneamh ag scríobh, ag léiriú, ag dearadh agus ag aisteoireacht i sraith drámaí féinscríofa a chuirfear i láthair lucht féachana/éisteachta piara le piara i mí Eanáir. Ag dul chun tosaigh síneofar an clár chun éascaíocht cuairteanna faoi stiúir dhíreach meantóra ar thionscadail ealaíon agus amharclannaíochta a chur san áireamh, agus déanfar anailís réamhchuairte agus iarchuairte chun tuiscint ar chultúr na n-ealaíon thar éilimh an churaclaim a spreagadh. Tabharfar tuilleadh tacaíochta don chlár seo le clár úr na hamharclainne 'Inspire' trína spreagtar aosaigh a fhreastalaíonn ar an amharclann airgead a thabhairt i gcomhair ticéad atá fóirdheonaithe go mór nó saor in aisce chun daoine óga a spreagadh le freastal ar imeachtaí téatair agus ealaíon sa réigiún.

creative.ireland.ie

Clár Éire Ildánach
*Creative Ireland Programme*
2017–2022

Comhairle Contae Átha Cliath Theas
South Dublin County Council